C/2025/5767

24.10.2025

Fógra le haghaidh Mohammed Bouyeri, Communist Party of the Philippines, lena n-áirítear New People's Army (NPA), agus The Base, a áirítear ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(C/2025/5767)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Mohammed Bouyeri, Communist Party of the Philippines, lena n-áirítear New People's Army (NPA), agus The Base, ar daoine nó grúpaí iad atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2025/1577 ón gComhairle [1] agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1578 ón gComhairle [2] maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Is é atá beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha in aghaidh an duine agus na ngrúpaí thuasluaite a choinneáil agus ráitis leasaithe ar chúiseanna a bheith ag gabháil leo. Leis seo, cuirtear in iúl don duine agus do na grúpaí lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na ráitis ar chúiseanna atá beartaithe maidir le coinneáil a n-ainmnithe a fháil, faoin **31 Deireadh Fómhair 2025**, ag an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi bhráid: ainmníochtaí COMET) An Ardrúnaíocht

RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L, 2025/1577, 30.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1577/oj.
[2] IO L, 2025/1578, 30.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1578/oj.